

Scoil Sailearna

An Scoil Ghaeltachta is Fearr

Dóchas sa Dúchas

Bhí an-bhliain go deo againn arís anuraidh i Scoil Sailearna agus ba é buaicphointe na bliana é nuair a bronnadh an gradam “Scoil Ghaeltachta is Fearr” orainn ag an bhféile Náisiúnta Scoildrámaíochta. D’éirigh thar barr linn ag an bhféile Scoildrámaíochta freisin.

Ag Oireachtas na Gaeilge a bhí ar siúl i nDoire Cholmcille faoi Shamhain ghlac ocht nduine dhéag de ghasúir na scoile as Rang a 5 agus Rang a 6 páirt i gcomórtas na n-agallamh bheirte faoi 12 agus faoi 15. Bhí cuid de na gasúir os cionn an dó dhéag agus b’éigean dóibh sin a bheith san iomaíocht in aghaidh gasúir mheánscoile sa gcomórtas faoi 15. Mar sin fhéin d’éirigh thar cionn linn sa dá chomórtas.

Bhuaigh Dónall Mac Aodha Bhuí agus Ciana Ní Churraoin an chéad áit Faoi-12 leis an agallamh beirte “Staidéar” le Joe Steve Ó Neachtain agus bhuaigh Róisín Ní Chonghaile agus Loretta Ní Challanáin an chéad áit Faoi-15 leis an agallamh céanna!

Go hÁitiúil

Ag an bhféile áitiúil i dTaibhdhearc na Gaillimhe bhí cúig rang ar fad as an scoil ag glacadh páirte:

- Naíonáin Mhóra agus Rang a hAon leis an dráma “Cearc an Phrompa”, faoi stiúir na múinteoirí Róisín Ní Loinsigh agus Muirghin Creamer.
- Rang a Dó leis an dráma “Craobh an Chontae”, faoi stiúir an mhúinteora Traolach Ó Conghaile.
- Rang a Cúig leis an dráma “Lá Saoire”, faoi stiúir an mhúinteora Mairéad Ní Dhroighneáin.

- Rang a Sé leis an dráma “10 mBliana ag Fás”, faoi stiúir an mhúinteora Brian Ó Gibne.

D’éirigh thar cionn le chuile dhráma! Fuair “Cearc an Phrompa,” “Lá Saoire” agus “10 mBliana ag Fás” an chéad áit ina rannóg fhéin. Fuair Rónán Ó Curraoin an t-aisteoir is fearr mar an “seanleaid” in “Craobh an Chontae” agus fuair Rónán Mac Donnacha an t-aisteoir is fearr mar “Hector” sa dráma “10 mBliana ag Fás.”

Connacht agus Náisiúnta

Fuair chuile dhráma acu sin thuas ainmniúchán le ghabháil ar aghaidh chuig an bhféile Cúige. Ag an bhféile Cúige fuair “Cearc an Phrompa”,

Craobh an Chontae agus fuair “10 mBliana ag Fás” ainmniúchán le páirt a ghlacadh sa bhféile Náisiúnta a bhí ar siúl sa Muileann gCearr.

D’eagraigh Coiste na dTuismitheoirí bus agus bhí lán bus de lucht tacaíochta in éineacht linn suas chuig an bhféile. Bhí an-lá go deo againn thuas ann agus thug an moltóir an-suntas den tacaíocht a bhí ann ó thuismitheoirí na scoile. B’iontach an t-údar mórtais agus bróid é nuair a bronnadh an gradam “Scoil Ghaeltachta is Fearr” orainn agus b’iontach go deo an chreidiúint do mhúinteoirí na scoile é i ndáiríre agus ar ndóigh do na gasúir iad fhéin!

Seó sa Seanscoil



Scoil Sailearna ar an gCnoc.

Coineartú 2007



Ó Chlé – Líne cúl: Fearghas Mac Lochlainn, An tAth. Micheál Ó Flannabhra S.P., Dominic Mac an Rí, Cian Breathnach, Ruadhán Ó Béarra, David Ó Fátharta, Máirtín Ó Scanláin, Colm Ó Conghaile, Brian Ó Gibne.
Sa lár: Ciarán Ó Cadhain, Ferdia Mac an Rígh, Maidhc Ó Conghaile, Éinne Ó Beoláin, Rónán Mac Donnacha, Ciarán Ó Conghaile.
Sa tosaigh: Sinéad Ní Longáin, Natasha Ní Ghamhnáin, Darine Ní Challanáin, Róisín Ní Chonghaile, Loretta Ní Challanáin, An tArdeaspag Micheál Ó Néaraigh, Rachel Ní Niadh, Emer Ní Chonghaile, Annie Ní Chonghaile, Órla Ní Bheoláin.

Chuir Rang a 6 an-deireadh leis an mbliain le seó iontach i Seanscoil Shailearna faoi stiúir an mhúinteora Brian Ó Gibne.

Bhí idir ghasúir Ranga 6 agus aíonna áitiúla speisialta ag glacadh páirte sa Seó seo mar a bhíonn chuile bhliain. I measc na n-aíonna bhí Páidí Breathnach ar an gcairdín, Máire Pheter Ní Dhroighneáin agus stéibh d'amhrán aici, Jimí Chearra ag scéalaíocht, Patricia Ní Fhátharta ag damhsa ar an sean-nós agus beirt iarscoláirí, Dariona Nic Dhonnacha agus Kayla Nic Dhonnacha agus iad i mbun agallaimh bheirte.

Chuaigh na haíonna i bhfeidhm go mór ar na gasúir agus go deimhin fhéin bhí chuile dhuine an-tógtha le gasúir Rang a 6 freisin. Rinne na gasúir agallaimh bheirte, damhsa ar an sean-nós, damhsa na scuaibe agus damhsa hip-hop. Chas siad dreas ceoil agus chasadar cúpla amhrán iad

fhéin freisin. Rinne siad radharc amháin as an dráma a bhí acu sa bhféile Scoildrámaíochta.

D'aithris Éinne Ó Beoláin dán "An Sruthán Buí" - dán a chum a Dheaideo, Meáirt Ó Curraoin. Bhí an-oíche go deo ann agus bhain chuile dhuine an-sásamh go deo aisti.

An tOireachtas

Arís i mbliana, tá dlús curtha againn sa scoil le feachtas dearfach leis na gasúir a spreagadh, a mhealladh agus a ghríosadh ó thaobh labhairt na Gaeilge dhe. I mbliana beidh fiche gasúr ón scoil ag glacadh páirte in Oireachtas na Gaeilge a bhéas ar siúl i gCathair na Mart.

Gan dabht beidh muid ag glacadh páirte sa bhféile Scoildrámaíochta arís freisin.

Ach mar a deireannas muid leis na gasúir i gcónaí, 'sí an teanga an rud is tábhachtaí ...

An Ghaeilge

Cén mhaith a bheith ag buachtáil duaiseanna le drámaí nó le hagallaimh beirte i nGaeilge má tá muid ag iompú ar an mBéarla taobh amuigh?! Mura labhraíonn muid an Ghaeilge anois cé a bhéas ann faoi cheann scór blianta leis na hagallaimh agus leis an saibhreas teanga atá iontu a thuiscint agus le spraoi a bhaint astu?

Tá na gasúir ag braith ar threoir agus ar dhea-shampla na ndaoine fásta agus tá muid ann len é sin a thabhairt dhóibh. Lena gceart a thabhairt dhóibh tá na gasúir iad fhéin thar cionn. Gan dabht tá chuile údar againne anseo i nDúiche Shailearna a bheith mórálach agus muiníneach as an aos óg maidir le caomhnú an chultúir agus na teanga dhe. Mar a dúirt an fear fadó: "Mol an Óige agus tiocfaidh sí!"

Fearghas Mac Lochlainn

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Mórán pobal - fócas coitean

Tá sé d'aidhm ag an Roinn tacú le Pobail ar fud na tíre agus iad a chothú le linn dóibh bheith ag díriú ar a bhforbairt féin.

Príomhfheidhmeanna na Roinne

Forbairt na Gaeltachta agus na nOileán agus polasaí na Gaeilge

Forbairt na Tuaithe, CLÁR, LEADER agus Scéim Shoisalta na Tuaithe san áireamh

Cláir Fhorbartha Áitiúla agus RAPID

Comhordú na Straitéise Náisiúnta Drugaí

Cláir thacaíochta don Fhorbairt Phobail, Cuntais Dhíomhaine, Rialáil Cathanachtaí agus

Tacaíocht don Ghníomhaíocht Dheonach



**An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe
agus Gaeltachta**
*Department of Community, Rural
and Gaeltacht Affairs*

Baile Átha Cliath Fón: 01-6473000

Facs: 01-6473051

Gaillimh Fón: 091-592555

Faics: 091-592595

Sligeach Fón: 071-9186700

Facs: 071-9186750

Láithreán Geasáin: www.pobail.ie

Ríomhphost: eolas@pobail.ie